An Roinn Oideachais
Department of Education

A phríomhoide, a mhúinteoirí, a chúntóirí riachtanas speisialta agus a bhaill de phobal na scoile,

Tá an scoilbhliain nua faoi lán seoil agus, ag an bpointe seo, ba mhaith liom roinnt nuashonruithe a roinnt faoi obair na Cigireachta le scoileanna le linn na scoilbhliana 2023/2024.

Ár n-obair chigireachta

I measc ár gclár cigireachta iomlán i scoileanna speisialta i mbliana tá:

- Meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim (MSU-BCF)
- Meastóireacht ar phleanáil gnímh don fheabhsúchán i scoileanna DEIS
- Cigireacht theagmhasach
- Meastóireacht curaclaim
- Meastóireacht ar an tsoláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise agus riachtanais speisialta oideachais acu
- Cigireacht leantach
- Cigireacht um chosaint agus chumhdach leanaí
- Meastóireacht ar chomhlíonadh na gcritéa teangabhunaithe d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta
- Cigireachtaí i roinnt de na ranganna luath-idirghabhála do leanaí a bhfuil uathachas orthu chun caighdeán an tsoláthair sna ranganna seo a mheas.

Tá *Treoir maidir le Cigireacht* ar fáil anseo.

Roinnt cigireachtaí teagmhasacha ag díriú ar sholáthar do leanaí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu agus do leanaí faoi chosaint idirnáisiúnta

Thug cigirí cuairt ar roinnt scoileanna a chuireann clár an tsamhraidh ar fáil le linn mhí Iúil agus mhí Lúnasa. Fillfidh cigirí ar shampla de na scoileanna seo níos déanaí sa téarma seo chun teagmháil a dhéanamh le leanaí, lena dtuismitheoirí agus le ceannairí scoile faoi thionchar chlár an tsamhraidh.

Cuireadh na Nósanna Imeachta nuashonraithe um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (Athbhreithnithe 2023) i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2023. Iarraimid go gcuirfí foireann uile na scoile agus baill an bhoird bainistíochta ar an eolas faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe agus go nglacann an bord go foirmiúil le nósanna imeachta 2023 le linn chéad chruinniú na scoilbhliana. Tá na teimpléid éigeantacha nuashonraithe ar fáil anseo. Déantar seiceálacha cosanta leanaí mar chuid de gach cigireacht i ngach scoil agus suíomh.



Féinmheastóireacht Scoile (FMS)

Cuireadh tús le timthriall nua FMS i Meán Fómhair 2022. Ba bhliain athbhreithnithe í bliain 1 (2022-2023) chun machnamh a dhéanamh ar rannpháirtíocht na scoile le FMS agus chun tosaíochtaí a mheas i bhfianaise thionchar COVID-19 ar dhaltaí.

Ba cheart do scoileanna FMS a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí amhail teagasc, foghlaim, cothromas agus ionchuimsiú, agus curaclam sna trí bliana amach romhainn. Ba chóir an próiseas FMS a úsáid chun tús a chur le timthriall i dtaca le hathbhreithniú agus cur chun cinn na folláine faoi 2025.

Ba chóir do scoileanna sa chlár DEIS na téamaí DEIS a úsáid mar phríomhfhócas dá FMS chun aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí atá leagtha amach in FMS Na Chéad Chéimeanna Eile. Áirítear leo seo tinreamh, coinneáil, litearthacht, uimhearthacht, tacú le haistrithe oideachais, comhpháirtíocht le tuismitheoirí agus daoine eile. Ba chóir cúrsaí ceannaireachta, folláine agus FGL a chomhtháthú ar fud na dtéamaí uile.

Nuachtlitir Féinmheastóireachta Scoile le haghaidh Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta
Deireadh Fómhair 2023
FMS: Na Chéad Chéimeanna Eile 2022- 2026
Tacaíochtaí atá ar fáil
Roinnt nithe tábhachtacha le nóta a dhéanamh orthu

Tá an t-eagrán is déanaí den Nuachtlitir FMS foilsithe againn d'fhonn tacú le gach scoil sa phróiseas seo, agus áirítear ann naisc chuig acmhainní FMS.

Is féidir le scoileanna cuairteanna comhairleacha FMS a iarraidh ón gCigireacht trí ríomhphost a sheoladh chuig sse@education.gov.ie

Roinnt forbairtí eile

Feachtas tinrimh scoile

Sheol an tAire Oideachais feachtas tinrimh scoile i mí Mheán Fómhair 2023. Cuirfear eolas, acmhainní agus uirlisí maidir le cur chun cinn tinrimh ar fáil do scoileanna go luath. Beidh sraith seimineár gréasáin ar fáil anseo maidir le tinreamh scoile a chur chun cinn, rud a d'fhéadfadh a bheith spéisiúil duit.

Leathanach baile na Cigireachta ar gov.ie

Táimid ag obair chun leathanach baile na Cigireachta a fheabhsú ar gov.ie d'fhonn tacú le rochtain ar ábhair Chigireachta, lena n-áirítear treoirlínte cigireachta, tuarascálacha agus foilseacháin, agus acmhainní do leanaí agus do thuismitheoirí.

Leis an leathanach seo cuirfear ar do chumas teacht ar dhoiciméid agus ábhair éagsúla a chuireann an Chigireacht ar fáil ar bhealach a bheidh níos éasca le húsáid. Roinnfimid sonraí an leathanaigh baile seo nuair a bheidh sé ar fáil.

Rannpháirtíocht scoláirí le linn cigireachtaí

gov.ie Ranna Comhairliúcháin

Foilsiú

Eolas ar chigireacht do leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí/caomhnóirí

Ó An Roinn Oideachais
Foilsithe 25 Lúnasa 2022
An t-eolas is déanaí 4 Deireadh Fomhair 2023

1. Eolas do scoláirí – bileoga eolais/ póstaeir agus ríomhleabhar
2. Fístreoracha beochana do gach foghlaimeoir
3. Eolas do thuismitheoirí – bileoga eolais/póstaeir
4. Treoracha físe do Thuismitheoirí ar chigireacht
5. Treoir do Scoláirí faoi Ghrúpaí Fócais le linn Cigireachta
6. Féach Freisin

Mar is eol duit ón nuashonrú deireanach uaim, tá an Chigireacht tiomanta do thuairimí leanaí a mhealladh maidir lena gcuid foghlama ar bhealach a urramaíonn cearta. Chruthaíomar roinnt acmhainní do leanaí agus dá dtuismitheoirí faoi chigireacht, lena n-áirítear físeáin faoin gcaoi a n-oibríonn grúpaí fócais d'fhonn cabhrú leo tuiscint a fháil ar céard is cigireacht ann, agus chun idirghníomhú go muiníneach le cigirí.

Tá seimineár gréasáin ann d'oideachasóirí freisin, *Rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a chur chun cinn le linn cigireachta: Eolas d'oideachasóirí.* Tá na hacmhainní ar fáil anseo.

Is am an-spreagúil é an chéad téarma den scoilbhliain i gcónaí, de réir mar a fhorbraíonn eispéiris agus deiseanna nua. Tá súil agam go mbeidh an chuid eile den téarma seo taitneamhach agus bisiúil don fhoireann agus do na daltaí ar fad agus guím gach rath oraibh.

Yvonne Keating

Príomhchigire

Naisc úsáideacha

Tá tuairiscí cigireachta scoile ar fáil anseo

Tá foilseacháin na Cigireachta ar fáil anseo